crainn

ag tafann

srón

ag cur fola

An Ghráinneog

Bhí Ruairí, Lára agus Rúbaí ag imirt peile sa ghairdín. Bhuail Lára an liathróid. Chuaigh an liathróid isteach faoi na crainn. Lean Rúbaí an liathróid isteach faoi na crainn. Leis sin, thosaigh Rúbaí ag tafann. Rith Ruairí agus Lára isteach faoi na crainn. Bhí srón Rúbaí ag cur fola.

"Céard é sin?" arsa Ruairí.

"Sin gráinneog," arsa Lára.

Tar éis tamaill stop Rúbaí ag tafann agus stop a srón ag cur fola. Thug Ruairí agus Lára uisce don ghráinneog.

Tháinig an geimhreadh. Lá amháin, ní raibh an ghráinneog le feiceáil in aon áit. Ar deireadh, fuair Ruairí an ghráinneog faoi dhuilleoga. Ní raibh an ghráinneog ag bogadh. Cheap Ruairí go raibh sí marbh.

Thug Ruairí an ghráinneog go dtí an tréidlia.

"Ní marbh atá sí," arsa an tréidlia, "ach ina codladh."

Chuir Ruairí an ghráinneog ar ais faoi na duilleoga. Dhúisigh an ghráinneog arís san earrach.

duilleoga

gráinneog

uisce

tréidlia

Cleachtaí

A. Fíor nó Bréagach?

1. Bhí Rúbaí ag imirt peile. _____
2. Lean Rúbaí an liathróid. _____
3. Bhí gráinneog faoi na crainn. _____
4. Thug Lára uisce don ghráinneog. _____
5. Bhí an ghráinneog marbh. _____
6. Bhí an ghráinneog ina codladh. _____

B. Freagair na ceisteanna.

1. Cá raibh Ruairí agus Lára ag imirt peile? _____
2. Cá ndeachaigh an liathróid? _____
3. Céard a bhí ag cur fola? _____
4. Céard a thug Ruairí agus Lára don ghráinneog? _____
5. Cé a thug an ghráinneog go dtí an tréidlia? _____
6. Cathain a dhúisigh an ghráinneog arís? _____

C. Líon na bearnaí.

ag tafann ag bogadh ag imirt peile ag cur fola

1. Bhí Ruairí, Lára agus Rúbaí ____ _____ _____.
2. Chuala na páistí Rúbaí ____ _____.
3. Bhí srón Rúbaí ____ _____ _____.
4. Ní raibh an ghráinneog ____ _____ ach ní raibh sí marbh.

D. Faigh 4 fhocal ón scéal ar an talamh.

l i a t h r ó i d s r ó n u i s c e r i t h

1. _____ 2. _____ 3. _____ 4. _____

Déanach don scoil

déanach don scoil gach lá i lár na hoíche lna dhiaidh sin d'fhéach mé
ag siúl stad an bhus geata na scoile dhúisigh mé imithe roth pollta
i dtriobloid ag tafann an staighre thit mé dearmad eagla an donnhain
taibhse i gcónaí in aon áit leithscéal an garáiste

Tosaíonn an scoil ar a naoi a chlog _____ _____. An tseachtain seo caite bhí mé _____ _____ _____. Chuaigh mé ar leaba go luath agus _____ _____ i mo chodladh. Dhúisigh mé __ _____ ____ _____ agus chuala mé Gordó _____ _____. D'éirigh mé agus _____ _____ amach an fhuinneog. Ní raibh Gordó le feiceáil _____ _____ _____. Go tobann, cheap mé go bhfaca mé _____. Bhí _____ _____ _____ orm. _____ _____ _____, níor chodail mé go maith. Rinne mé _____ an clog aláraim a chur ar siúl. Nuair a _____ _____ ar maidin, bhí sé a naoi a chlog. Léim mé as an leaba agus rith mé síos _____ _____. Chuaigh mé amach go dtí _____ _____. Rug mé ar mo rothar ach bhí an _____ _____. Rith mé go dtí _____ _____ _____ ach bhí an bus _____. Thosaigh mé _____ _____ ar scoil. Bhí a fhios agam go raibh mé ____ _____ nuair a chonaic mé an príomhoide ag _____ _____ _____. 'An bhfuil _____ agat?' arsa an príomhoide. 'Bíonn leithscéal agamsa _____ _____,' a dúirt mé.

ag siúl

ag rith

spraoi

gluaisteán

Mo Mhadra Leisciúil

Tá madra beag agam sa bhaile,
Leisciúil is ainm di,
Ní maith léi siúl,
Ní maith léi rith,
Ní maith léi spórt ná spraoi.

Ní ritheann sí i ndiaidh cat,
Ní leanann sí gluaisteáin,
Ach itheann sí brioscaí
Os comhair an teilifíseáin
Go dtí go mbíonn sí lán.

Bhain mé triail as gach aon rud,
Cnámha móra is moladh,
Ach ní maith léi siúl,
Ní maith léi rith,
Is fearr léi dul a chodladh.

Daire Mac Pháidín

brioscaí



cnámh

moladh

teilifíseán

Cleachtaí

A. Fíor nó Bréagach?

1. Tá an madra beag sa bhaile. _____
2. Spraoi is ainm don mhadra. _____
3. Is maith leis an madra siúl. _____
4. Is maith leis an madra rith. _____
5. Leanann an madra gluaisteáin. _____
6. Is fearr leis an madra dul a chodladh. _____

B. Freagair na ceisteanna.

1. Cén sórt ainmhí atá sa bhaile? _____
2. Céard is ainm don mhadra? _____
3. An maith leis an madra siúl agus rith? _____
4. An maith leis an madra spórt agus spraoi? _____
5. An ritheann an madra i ndiaidh cat? _____
6. Céard a itheann an madra? _____

C. Líon na bearnaí.

gach aon rud cat gluaisteáin brioscaí

1. Ní leanann an madra _____.
2. Itheann an madra _____.
3. Bhain an file triail as _____ _____ _____.
4. Ní ritheann an madra i ndiaidh _____.

D. Faigh 4 fhocal ón scéal ar an gcnámh.



1. _____ 2. _____ 3. _____ 4. _____